# Caibidil a hOcht
# Tionchar ar Phraghsanna agus ar Bhoilsciú

## 8.1 Réamhrá

Tá go leor conclúidí éagsúla déanta sna haighneachtaí difriúla atá faighte againn maidir leis an tionchar atá ag an Ordú um Earraí Grósaera ar bhoilsciú, ar an leibhéal absaldóideach atá ar phraghsanna in Éirinn agus na praghsanna comparáideacha a bhaineann leo sin i ndlínsí eile.

Creidimid gur dóigh gur féidir go leor de na difríochtaí sin a mhíniú leis na tréimhsí tagartha difriúla a úsáideadh agus na catagóirí táirgí a aithníodh. Mar sin féin, mar gheall ar na hionchuir difriúla a roghnaíodh, tá sé deacair comparáidí díreacha a dhéanamh idir na haighneachtaí difriúla a fuarthas. Bheadh obair mhór ag baint leis na figiúirí agus na staitisticí ar fad a chur le chéile arís ar bhunús comónta agus clúdach táirge agus measaimid, nach mbeadh mórán luach saothair le baint as.

Is é an cur chuige a bheidh againn ina áit sin ná anailís a dhéanamh ar na moltaí difriúla a cuireadh chun cinn agus iad a thástáil in aghaidh na hanailíse atá againn féin. Táimid ag súil gur éirigh linn é sin a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil.

Ina dhiaidh seo, ní dhéanfaimid aon cháineadh ná iarracht aon cháineadh a dhéanamh ar aon pháirtí as an mbealach a bhfuil a gcuid staitisticí roghnaithe curtha i láthair acu. Is úsáid bhailí é ar staitisticí, ina dtuairimse, na sonraí is fearr a léiríonn d'argóint nó do chás a roghnú.

## 8.2 Clúdach Táirge

Agus muid ag déanamh measúnú ar aon tionchar, brathaimid gur chóir dúinn tosú le measúnú ar cad iad na táirgí a chlúdaíonn an tOrdú agus cad iad na táirgí nach gclúdaíonn sé.  Deir an tOrdú go gciallaíonn earraí grósaera:

> *Grocery goods for human consumption – excluding fresh fruit and vegetables, fresh and frozen meat, fresh fish and frozen fish which has undergone no processing other than freezing.*
>
> *Intoxicating liquor sold for consumption off the premises (i.e. off-licence sales), and*
>
> *"Household necessaries" (excluding foodstuffs) as are normally sold in grocery stores.*

Is ceist léirmhínithe dlí é an sainmhíniú a bhaineann le riachtanais tí mar a bhí le feiceáil ag cinneadh de chuid na hArdchúirte le déanaí nach gclúdaítear

clúidíní aon-uaire faoin Ordú. Tá aghaidh níos sonraithe tugtha againn ar an gceist sin in Alt 12.7 thíos. Ag cruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais ar Fhiontar & Gnólachtaí Beaga le déanaí, chuir ionadaí as an bPríomh Oifig Staidrimh a thuairim in iúl go raibh bolgáin solais clúdaithe. Go deimhin, tháinig cinneadh cúirte a rinneadh níos luaithe ná sin ar an gconclúid nach bhfuil bolgáin solais clúdaithe.

Is leor a rá mar sin ag an bpointe seo go bhfuil neamhchinnteacht ag baint leis an sainmhíniú atá ar riachtanais tí. Tá fadhb ag baint lena chur isteach chun comparáid nó measúnú a dhéanamh ar thionchar an Ordaithe. Ina theannta sin dúirt an CSO nach bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint le riachtanais tí nuair a bhítear ag ríomh an CPI d'ábhair bia.

Ní thagann fadhb shainmhínithe chun tosaigh chomh fada agus a bhaineann sé le halcól. Tá gach táirge alcóil a dhíoltar in eis-cheadúnais clúdaithe – beag beann ar an cuid de stór grósaera é an eis-cheadúnas nó nach ea. Go cinnte, go dtí le gairid anuas, ní bheadh eis-cheadúnas i gcuid mhaith stórtha neamhspleácha agus grúpa siombaile "áise" agus cé nach gciallaíonn sé sin nach raibh na hiolraigh in iomaíocht le siopaí eis-cheadúnais astu féin, tugann sé le fios i roinnt imthosca ar a laghad go mb'fhéidir go raibh teorainn leis an leibhéal iomaíochta mar sin ná i gcás raon níos leithne earraí grósaera.

Tá na sainmhínithe soiléir freisin i gcás bia, cé go raibh roinnt fadhbanna ansin freisin roimhe seo. Mar shampla, rialaigh cúirt roinnt blianta ó shin go raibh ispíní clúdaithe. De réir dealraimh bhí an cheist ag brath ar cibé an feoil úr nó bia próiseáilte a bhí i gceist le hispíní.

Measann an Ghníomhaireacht Tomhaltóirí Náisiúnta go dtiteann 75% d'ábhair bia i ngnáthchiseán siopadóireachta laistigh de scóip an Ordaithe um Earraí Grósaera. Tá sé sin deimhnithe go díreach againn leis an bPríomh Oifig Staidrimh.

Is é an chonclúid atá againn go bhfuil sé réasúnach, chun críche comparáideacha "riachtanais tí" a fhágáil ar lár as na figiúirí a thugtar ag glacadh leis an seasamh dlíthiúil neamhchinnte atá acu agus an tábhacht sách beag atá acu laistigh den CPI foriomlán.

## 8.3 Boilsciú

Ní féidir gach a ndúirt gach páirtí a chuir isteach rud éigin faoin gceist a scríobh anseo. Mar sin féin, is féidir an léiriú is fearr a bhí ar thuairimí coimhlinteacha na bpáirtithe difriúla a thabhairt sna sleachta seo a leanas ó aighneachtaí a fuarthas:

**IBEC:**

> *"Analysis of the official….CSO figures shows that Irish food price inflation has been significantly lower than general inflation since the Order was introduced in 1987. In fact, food inflation has been falling*

*over the past number of years with 2004/5 levels actually negative, leading to one of the lowest levels of food inflation in Europe.*

*This compares to inflation in food consumed outside the home to which no groceries order applies….The price of a jar of coffee has fallen by 4% in the period to December 2001 – June 2005. However, the price of a cup of coffee in a café has increased by 20%*

*Only 65% of supermarket goods are covered by the ban on below cost selling. Inflation in this category has been lower than inflation in goods not covered by the Order…by 20% in the period from April 1994 to December 2004. This shows that where retailers can sell products at cost they rarely do."*

**RGDATA**

*"In the latest CSO figures, the annual rate of inflation fell to 2.1% for June 2005. In particular there were decreases in the price of food and non-alcoholic beverages, many of which are covered by the Order*

*This pattern of low inflation in food prices is not a recent phenomenon. In the period from January, 1995 to May 2005, overall prices in the economy increased by 35.9%. Over that period food and non-alcoholic beverages increased by just 26.8%*

*Food prices fell by 0.3% in 2004 while overall inflation stood at 2.3%. This is proof positive that the grocery market is highly competitive.*

*Since 2001, overall prices have risen by 9.3% and food prices have gone up by 3%"*

*"…In the period between 1998 and 2002, the percentage change in the indices of goods covered by the Order was 44.1%, while the figure for goods excluded from the Order was 51.7%".*

**Comhchoiste Oireachtais**

*"The reality of the Irish grocery trade, at the present time, is that it is very competitive. This is evidenced by the annual minus 1.4% rate of inflation for food products in the year to June 2005.*

*The annual rate of inflation has been less than 1% since August 2003. If the grocery trade was uncompetitive or was being protected from competition in any way, inflation would be higher.*

*In addition the Irish rate of food inflation has been lower than the European average for quite some time. In the year to May 2005 (the latest information available), Irish food inflation was reported by Eurostat to be minus 1% compared with the Eurozone average of 0.6%*

*and the EU 25 average of 0.9%. UK food inflation in the year to May 2005 was 2.4% higher than the Irish rate of Inflation."*

**An tÚdarás Iomaíochta**

*"High prices for food in Ireland are in stark contrast to other retail sectors where prices have fallen. "Between 2000 and 2004 the rise of food prices compared to the reduction in clothing and household goods prices was*

| | |
|---|---|
| *Food & Non alcoholic drink:* | *+9.6%* |
| *Clothing & footwear* | *- 15.9%* |
| *Household durables* | *- 3.9%* |

*Since June 2001 food items covered by the Groceries Order have increased 7.4% in price whereas food items not covered by the Order have decreased by 5.1%."*

**An Ghníomhaireacht Tomhaltóirí Náisiúnta**

*"…price inflation for foodstuffs covered by the Order was 51% per cent in the 18 years since 1987. In contrast, price inflation for foodstuffs not covered by the Order has been 42% during that same period."*

## 8.4 Cé a chreidfimid?

Is léir go bhfuil easaontas idir na páirtithe maidir leis na rátaí boilscithe is infheidhme don dá chatagóir earraí – iad sin a chlúdaíonn an tOrdú (ar a nglaoimid "earraí GO") agus iad sin nach gclúdaíonn an tOrdú (ar a nglaoimid "earraí neamh-GO").

Bunaithe ar na sleachta roimhe seo ó aighneachtaí a fuarthas, is féidir achoimre a dhéanamh mar seo a leanas ar na sé mholadh bunúsach a cuireadh chun cinn.

- Bíonn bia ón Ordú um Earraí Grósaera faoi réir ag boilsciú níos airde (nó boilsciú níos ísle ag brath ar do thuairim) ná mar a bhíonn i gceist le bia nach bhfuil clúdaithe ag an ordú.

- Tháinig méadú níos lú ar bhia a ceannaíodh le hithe sa bhaile ná i gcás bia a ceannaíodh le hithe lasmuigh den bhaile.

- Tá boilsciú praghsanna bia níos airde ná boilsciú in earnálacha miondíola eile.

- Tá boilsciú praghsanna bia níos ísle ná Boilsciú ginearálta

- Tá boilsciú praghsanna bia íseal tríd is tríd

- Tá boilsciú praghsanna bia níos lú ná an meán-bhoilsciú praghsanna bia san AE.

Imscrúdóimid gach moladh as féin

**Bia faoin Ordú Grósaera v bia nach bhfuil faoin Ordú Grósaera.**

Tosóimid trí fhéachaint go sonrach ar aighneacht an Údaráis Iomaíochta. Táimid á dhéanamh ar chúiseanna praiticiúla seachas cúiseanna claonta.

Déanaimid é de bhrí go bhfuil an anailís atá acusan níos forleithne ná mar atá in aighneachtaí eile agus tugann sé deis dúinn bunús níos leithne a thógáil ar a mbunóimid conclúidí. Táimid á dhéanamh freisin de bhrí go bhfuil a gcuid figiúirí curtha i láthair acu ar bhealach atá an-éasca le feiceáil a thugann deis dúinn anailís níos fearr a dhéanamh.

Tá na figiúirí a chuir an tÚdarás Iomaíochta isteach chugainn le fáil i dTábla 8.

**TÁBLA 8**

*In the Table/Sa Tábla:*
Innéacs Praghsanna ar Bhia agus ar Dheochanna a Tomhaltadh sa Bhaile (Meitheamh 1987 – Meitheamh 2005)
I gcás €100 a caitheadh i Meitheamh 1987

Foriomlán Ábhair a Chlúdaíonn an tOrdú Ábhair nach gClúdaíonn an tOrdú

% Fás thar Tréimhse

Foinse: Faighte ó shonraí CSO (athbhunaithe ag an Údarás Iomaíochta)

| Price Index on Food and Drinks Consumed at Home (June 1987- June 2005) For €100 spent in June 1987 | | | |
|---|---|---|---|
| | **Overall** | **Items Covered by the Order** | **Items Not covered by the Order** |
| **1987** | 100.0 | 100.0 | 100.0 |
| **1988** | 101.9 | 102.0 | 101.8 |
| **1989** | 106.2 | 104.9 | 109.2 |
| **1990** | 109.5 | 108.2 | 112.7 |
| **1991** | 109.2 | 108.6 | 110.5 |
| **1992** | 111.8 | 111.3 | 112.9 |
| **1993** | 109.8 | 110.3 | 108.4 |
| **1994** | 115.0 | 114.2 | 116.7 |
| **1995** | 117.8 | 117.0 | 119.9 |
| **1996** | 119.9 | 120.3 | 118.6 |
| **1997** | 121.3 | 122.1 | 120.5 |
| **1998** | 127.3 | 125.9 | 133.1 |
| **1999** | 130.6 | 129.5 | 135.7 |
| **2000** | 133.8 | 135.0 | 131.8 |
| **2001** | 142.6 | 141.0 | 149.9 |
| **2002** | 147.1 | 146.1 | 152.0 |
| **2003** | 150.6 | 150.9 | 151.3 |
| **2004** | 150.8 | 151.6 | 149.0 |
| **2005** | 149.1 | 151.4 | 142.2 |
| **% Growth Over period** | **49.1%** | **51.4%** | **42.2%** |
| Source: Derived from CSO data (rebased by The Competition Authority ) | | | |

Is mar seo a leanas a tháinig an tÚdarás ar an tábla seo. Chuaigh siad chuig an bPríomh Oifig Staidrimh agus d'iarr siad orthu anailís shonraithe a dhéanamh ar chomhchodanna bia an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí ó tugadh isteach an tOrdú um Earraí Grósaera i 1987.

Rinne an tÚdarás é sin tríd an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí a roinnt i dhá chatagóir (GO agus neamh-GO) ag úsáid liosta ábhar eile a fuarthas ón sainmhíniú ar "earraí grósaera" mar atá le fáil san Ordú.

Táimid sásta, chomh fada agus is féidir linn a bheith, gur gnáthábhair bia GO agus neamh-GO iad na liostaí ábhar a úsáideadh chun an tábla a chur le chéile mar is cuí. Dheimhnigh an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí é sin nuair a d'iarramar air sin a dhéanamh.

Taispeánann tábla an Údaráis gurb é an méadú céatadáin sa CPI i gcás na n-ábhar ar an liosta seo a chlúdaíonn an tOrdú idir 1987 agus 2005 ná 51.4%, agus go raibh an méadú céatadáin comhchosúil i gcás ábhar nach gclúdaíonn an tOrdú ag 42.2% sa tréimhse chéanna. (Tháinig aighneacht na Gníomhaireachta Tomhaltóirí Náisiúnta go bunúsach ar an gconclúid céanna)

Tá cruinneas na staitisticí a úsáideadh sna haighneachtaí seo deimhnithe againn go díreach leis an CSO.

Bunaithe ar an tábla tá an tÚdarás ar an gconclúid ó *Mheitheamh 2001,* go bhfuil méadú 7.4% i bpraghas tagtha ar ábhair bia a chlúdaíonn an tOrdú um Earraí Grósaera áit a bhfuil laghdú 5.1% tagtha ar ábhair bia nach gclúdaíonn an tOrdú.

Ní féidir linn locht a fháil ar na figiúirí sin ach, i gcomparáidí den sórt sin, creidimid gur féidir leis an tréimhse tagartha a roghnaítear a bheith cáinteach. Leis sin níl aon chúis follasach ann gur cuireadh tús leis an tréimhse i 2001, cé gur rith sé linn gur sa tréimhse sin is dóigh a thosaigh an tionchar a bhain le slabhraí lascaine mar Aldi & Lidl ag cur dlús faoi bhreis iomaíochta ar an margadh.

Ní féidir a rá go cinnte gur chuir an tOrdú um Earraí Grósaera bac ar iomaíocht den sórt sin i gcás earraí GO ach níl aon amhras faoi ach go raibh páirt aige ó thaobh difríocht a bheith sna rátaí ón bpointe sin ar aghaidh.

Rinneamar breis anailíse ar an tábla seo féachaint conas a d’fhéadfadh an pictiúr sin athrú ag úsáid tréimhsí tagartha difriúla éagsúla. Fuaireamar amach cad iad na rátaí difriúla boilscithe ar earraí GO agus neamh-GO i gcás gach ceann de na 15 tréimhse ceithre bliana difriúil ó tugadh isteach an tOrdú i 1987 – is iad na tréimhsí sin ná 1987 – 1991, 1988—1992, 1989 – 1993 agus mar sin de.

Tá na torthaí le fáil i dTábla 9.

Taispeánann an tábla i gcás 8 gcinn de na 15 tréimhse, mhéadaigh praghas earraí neamh-GO níos mó ná mar a rinne praghas earraí GO. Agus mar sin is é an t-aon conclúid dealraíonn sé ná gur féidir leis an tréimhse a roghnaítear athrú mór a chur ar an toradh.

Is fíor, mar sin féin, nuair a thógtar an tréimhse ó 1987 mar thréimhse inti féin, go bhfuil méadú níos tapúla tagtha ar phraghas earraí GO ná earraí neamh-GO, .i. 51.4% i gcomparáid le 42.2%.

**Tábla 9 Treochtaí i bPraghsanna Bia & Deochanna a Tomhaltadh sa Bhaile**

| Bliain | Foriomlán | Clúdaithe | Treocht 4Bl | Nach bhfuil Clúdaithe | Treocht 4 Bl | Clúdaithe v nach bhfuil Clúdaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1987** | 100.0 | 100.0 | | 100.0 | | |
| **1988** | 101.9 | 102.2 | | 101.8 | | |
| **1989** | 106.2 | 104.9 | | 109.2 | | |
| **1990** | 109.5 | 108.2 | | 112.7 | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1991** | 109.2 | 108.6 | 8.6 | 110.5 | 10.5 | -1.9 |
| **1992** | 111.8 | 111.3 | 9.1 | 112.9 | 10.9 | -1.8 |
| **1993** | 109.8 | 110.3 | 5.1 | 108.4 | -0.7 | 5.9 |
| **1994** | 115.0 | 114.2 | 5.5 | 116.7 | 3.5 | 2.0 |
| **1995** | 117.8 | 117.0 | 7.7 | 119.9 | 8.5 | -0.8 |
| **1996** | 119.9 | 120.3 | 8.1 | 118.6 | 5.0 | 3.0 |
| **1997** | 121.3 | 122.1 | 10.7 | 120.5 | 11.2 | -0.5 |
| **1998** | 127.3 | 125.9 | 10.2 | 133.1 | 14.1 | -3.8 |
| **1999** | 130.6 | 129.5 | 10.7 | 135.7 | 13.2 | -2.5 |
| **2000** | 133.8 | 135.0 | 12.2 | 131.8 | 11.1 | 1.1 |
| **2001** | 142.6 | 141.0 | 15.5 | 149.9 | 24.4 | -8.9 |
| **2002** | 147.1 | 146.1 | 16.0 | 152.0 | 14.2 | 1.8 |
| **2003** | 150.6 | 150.9 | 16.5 | 151.3 | 11.5 | 5.0 |
| **2004** | 150.8 | 151.6 | 12.3 | 149.0 | 13.1 | -0.8 |
| **2005** | 149.1 | 151.4 | 7.4 | 142.2 | -5.1 | 12.5 |

Foinse: Bunaithe ar fhigiúirí an Údaráis Iomaíochta

Níl aon seasmhacht áfach sna gluaiseachtaí praghsanna sa dá chatagóir earraí thar an tréimhse sin mar atá le feiceáil sa ghraif i dTábla 10 a leanann na ngluaiseachtaí praghsanna ar earraí GO agus neamh-GO ó tugadh isteach an tOrdú i 1987.


Agus, tá na pátrúin gluaiseachta praghas an-difriúil; taispeánann GO ráta athraithe seasmhach réidh agus taispeánann earraí neamh-GO patrún i bhfad níos luainí. Is dóigh go gcaithfear a bheith ag súil leis sin de bhrí gur feoil úr is mó atá in earraí neamh-GO áit nach mbeadh an costas táirgthe chomh leanúnach, b'fhéidir.

Ar an lámh eile, d'fhéadfaí an tábla a úsáid chun a thaispeáint gur féidir éagsúlachtaí i bpraghsanna ar tháirgí neamh-GO a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir agus go bhfuiltear á dhéanamh sin ar bhealach níos trédhearcaí ná i gcás earraí GO.

Is cuma cé acu de na tábla thuas a úsáidimid, is léir láithreach gur cúis amháin go bhfuil conclúidí an-difiúil sna haighneachtaí a fuaireamar ná mar gheall ar na tréimhsí tagartha difriúla a úsáideadh.

**TÁBLA 10**
**BOILSCIÚ PRAGHSANNA BIA BEALTAINE 1987 – BEALTAINE 2005-12-07 I GCÁS €10 A CAITHEADH I MBEALTAINE 1987 (FOINSE CSO)**

**Ordú Neamh-Ghrósaera** **Ordú um Earraí Grósaera**




Foinse: CSO

**Bia a ceannaíodh le haghaidh tomhaltas baile v bia a ceannaíodh le haghaidh tomhaltas lasmuigh den bhaile.**

Dealraíonn sé freisin gur cúis eile go bhfuil na figiúirí a luaitear ag dul i gcoimhlint lena chéile ná nach bhfuil siad ag cur na n-earraí céanna i gcomparáid lena chéile agus go bhfuil siad curtha le chéile ag úsáid ionchuir dhifriúla.

Dar le haighneacht IBEC *"there is no ban on below cost selling in cafés or restaurants and yet prices have increased at five times the rate of food sold at retail level".*

Deir aighneacht IBEC freisin go bhfuil boilsciú bia a tomhaltadh lasmuigh den bhaile méadaithe faoi 18% ó tugadh isteach an euro i gcomparáid le méadú 2% ar bhia a díoladh i siopa miondíola.

Dheimhneodh na ráitis sin rud ar tuairim phoiblí coitianta í dar linn. Mar sin féin, bheadh amhras orainn an chomparáid bailí é nó nach ea mar gur léiriú é ar bhia a cheannaítear i mbeáir agus i mbialanna ar mhéaduithe i gcostais seirbhísí níos minicí ná ar phraghsanna bia.

Mar atá mínithe cheana féin, is gnáthábhair bia a dhíoltar i siopaí grósaera é an liosta ábhar a úsáideadh in anailísí an Údaráis Iomaíochta agus an NCA. Níl ábhair bia a cheannaigh tomhaltóirí i gcaiféanna agus i mbialanna curtha san áireamh. Dar linn, is é sin an cur chuige ceart.

Dá mbeadh an costas a bhaineann le rud a ithe curtha san áireamh ar an liosta ábhar bia neamh-GO, thaispeánfadh sé, mar sin, méadú thar cuimse ar an leibhéal boilscithe ar na hábhair neamh-GO sin. Go háirithe, creidimid go dtaispeánfadh sé boilsciú ar ábhair neamh-GO a bheith níos airde ná an boilsciú ar ábhair GO mar a dúirt IBEC agus RGDATA.


**Boilsciú praghsanna Bia v boilsciú in earnálacha miondíola eile**

Agus comparáid á dhéanamh ar ghluaiseachtaí praghsanna sa chatagóir Bia agus Deochanna Neamh-Alcóil den CPI le catagóirí eile roghnaithe, úsáideann aighneacht an Údaráis Iomaíochta an tréimhse tagartha (2000-2004). Taispeánann an tÚdaras conas atá an costas bia atá ag dul i méad in Éirinn *"in stark contrast with other retail sectors where prices have fallen"* ag baint úsáide as na figiúirí i dTábla 11.

Taispeánann an tábla seo méadú 9.6% ar bhia agus ar dheochanna neamh-alcóil i gcomparáid le laghduithe 3.9% agus 15.9% ar ábhar marthanach tí agus éadaí agus coisbheart faoi seach. Aontaímid go bhfuil an sampla sin suimiúil agus cruinn, ar a laghad i gcás na tréimhse a luann an tÚdarás.

**TÁBLA 11 Boilsciú Bia v Miondíol Eile**


Bia & Deochanna Neamh-Alcóil
Earraí Marthanacha Tí
Éadaí agus Coisbheart




Má fhéachaimid ar an CPI do mhí Iúil 2005 agus dul siar go dtí mí na Nollag 2001, tá an toradh mar a chéile a bheag nó a mhór (féach Tábla 12). Mhéadaigh bia agus deochanna neamh-alcóil faoi 2.2% agus laghdaigh éadaí agus coisbheart faoi 22.3% agus laghdaigh earraí marthanacha tí faoi 5.8%.

**TÁBLA 12**
**Boilsciú Comparáideach 2001-2005**

**Bia & Deochanna Neamh-Alcóil**
**Éadaí & Coisbheart**
**Fearais srl**




Caithfimid a rá áfach nach bhfuil méadú de 2.2% thar trí bliana go leith iomarcach (i gcomparáid leis an méadú 9.6% sa tréimhse a roghnaigh an tÚdarás) ach is ráiteas claonta amach is amach é sin mura dtomhaistear an méadú in aghaidh táscairí gaolmhara eile.

Agus anuas air sin, is iad an t-aon dá chatagóir a ndéanann aighneacht an Údaráis comparáid leis an gcatagóir bia ná an t-aon phéire as an 12 catagóir sa CPA a d'fheidhmigh níos fearr ná bia sa tréimhse. Mar shampla, mhéadaigh Bialanna agus Óstáin (lena n-áirítear tithe tábhairne) de 20.9% agus léirigh Cumarsáid méadú níos mó freisin (4.8%) (Féach Tábla 13)


Mar sin féin, taispeánann an chatagóir ghinearálta “Earraí” (arna shainmhíniú mar *“non-service items usually purchased and transportable from a retail outlet*”) méadú 4.4% thar an tréimhse, atá faoi dhó níos mó ná i gcás Bia agus Deochanna Neamh-Alcóil.

I bhfianaise na fírice sin tá sé deacair againn teacht ar an gconclúid céanna mar atá in aighneacht an Údaráis go bhfuil *"high prices for food in Ireland are in stark contrast to other retail sectors where prices have fallen".*

**TÁBLA 13**

**Boilsciú Comparáideach 2001-2005**

**Bia & Deochanna Neamh-Alcóil**
**Éadaí & Coisbheart**
**Bialanna & Óstáin**




Foinse: CSO

Ní mór a thuiscint chomh maith i gcás chuid eile de na hearnálacha, go háirithe i gcás Éadaí agus Coisbheart, go bhféadfadh sé gur impórtáladh go leor de na hearraí atá i gceist as eacnamaíochtaí ar chostas íseal agus gur léiriú i bpáirt é sin ar laghdú ar chostas na n-ábhar sin.

**Boilsciú praghsanna bia v Boilsciú ginearálta**

Ba é an chéad rud a dúramar faoin moladh seo ná gur ghné sách soiléir é de bhoilsciú ag glacadh leis na tábhachtaí ar fad a thugtar laistigh den CPI bia agus neamh-bhia.


Ach in ionad é sin a ghlacadh mar atá, tá comparáid déanta againn idir boilsciú praghsanna bia agus boilsciú praghsanna ginearálta ar fud na 15 thír san AE. Rinneamar é sin i gcás na 15 thír sula ndeachaigh siad isteach san AE amháin, ar an mbunús gur cheapamar gur dóigh go dtiocfadh fachtóirí eacnamúla mí-ábhartha chun cinn dá gcuirfimis isteach na baillstáit nua, fachtóirí a bhaineann leis an ngluaiseacht atá déanta acu chuig eacnamaíochtaí margaidh agus d'fhéadfadh sé sin ansin teorainn a chur leis an gcomparáid.

Tá an tréimhse ó 1996 go dtí seo úsáidte againn don chomparáid seo mar is é sin an bhliain a ndearna Eurostat (an foinse atá againn do na sonraí) athbhunú ar a gcuid figiúirí.

Tá na torthaí leagtha amach i dTábla 14.

**TÁBLA 14**
**Bia an AE v Boilsciú Ginearálta 1996 go dtí 2005-12-07**
**Bia**
**Ginearálta**

**An Ghearmáin**
**An Ríocht Aontaithe**
**An tSualainn**
**An Ostair**
**An Ísiltír**
**An Fhionlann**
**An Danmhairg**
**Meán an AE**
**An Iodáil**
**An Bheilg**
**An Fhrainc**
**An Phortaingéil**
**Lucsamburg**
**Éire**
**An Spáinn**
**An Ghréig**




Foinse: Eurostat

Is éard a léiríonn sé seo ná nach bhfuil ach trí cinn de na AE 15 ina bhfuil boilsciú praghsanna bia sa tréimhse roghnaithe níos mó ná an ráta ginearálta boilscithe. Is iad na tíortha sin ná An Bheilg, An Fhrainc agus Lucsamburg. Mar atá feicthe againn i gCaibidil a Naoi, tá cosc ag na trí thír sin ar dhíolachán faoi chosc.

**Tá boilsciú praghsanna bia íseal tríd is tríd**

Is ráiteas an-chlaonta go deo é sin arís eile agus d'fhéadfadh sé go mbraithfeadh an toradh ar an tréimhse tagartha a roghnaítear. Mar sin féin tá na sonraí i dTábla 15 curtha le chéile arís againn bunaithe ar fhigiúirí CSO/an Údaráis Iomaíochta.


**TÁBLA 15 Boilsciú Praghsanna Bia 1987 – 2005**

| Bliain | Innéacs | Athrú % Bliantúil |
|---|---|---|
| 1987 | 100.0 | |
| 1988 | 101.9 | 1.9 |
| 1989 | 106.2 | 4.3 |
| 1990 | 109.5 | 3.3 |
| 1991 | 109.2 | -0.3 |
| 1992 | 111.8 | 2.6 |
| 1993 | 109.8 | -2.0 |
| 1994 | 115.0 | 5.2 |
| 1995 | 117.8 | 2.8 |
| 1996 | 119.9 | 2.1 |
| 1997 | 121.3 | 1.4 |
| 1998 | 127.3 | 6.0 |
| 1999 | 130.6 | 3.3 |
| 2000 | 133.8 | 3.2 |
| 2001 | 142.6 | 8.8 |
| 2002 | 147.1 | 4.5 |
| 2003 | 150.6 | 3.5 |
| 2004 | 150.8 | 0.2 |
| 2005 | 149.1 | -1.7 |

Foinse: CSO/An tÚdarás Iomaíochta

Tá an tábla éiginntitheach. Mar sin féin, tá an ráta i gcás boilsciú bia na hÉireann curtha i gcomparáid againn leis sin sa Ríocht Aontaithe don tréimhse ó 1996 (arís roghnaítear an tréimhse de bhrí gur athbhunaigh Eurostat a gcuid figiúirí i 1996). Taispeántar an figiúr i dTábla 16.

**TÁBLA 16**





Foinse: Eurostat

Is é an rud is suntasaí anseo ná go bhfuil ráta boilscithe bia na hÉireann thar an tréimhse beagnach trí huaire níos airde ná ráta na RA áit a bhfuil sé ag 8.3%. Ar ndóigh, níl aon chosc ar dhíolachán faoi chostas sa Ríocht Aontaithe.

D'fhéadfaí a rá i gcónaí ar ndóigh go bhféadfadh an difríocht seo sa ráta boilscithe bia eadrainn féin agus an páirtí trádála is gaire dúinn amhlaidh mar gheall ar chostais ionchuir níos airde thar an tréimhse. Dá mbeadh sé sin amhlaidh, ansin bheimis ag súil leis an treocht a bheith mar a chéile in earnálacha miondíola eile. Go deimhin, is é a mhalairt atá fíor. Taispeánann Tábla 17 na rátaí comparáideacha boilscithe idir Éire agus an Ríocht Aontaithe san earnáil éadaigh thar an tréimhse chéanna - 1996 go dtí seo.

**TÁBLA 17**




Foinse: Eurostat

**Boilsciú Éadaigh na hÉireann v Boilsciú Éadaigh na Ríochta Aontaithe 1996-2005**
**Éire**
**An Ríocht Aontaithe**

Léiríonn é sin codarsnacht aisteach. Cé go raibh an difríocht chomh forleathan i mboilsciú bia in Éirinn ó thús na tréimhse gur chríochnaigh sé suas trí uaire níos mó ná ráta na RA, tá an ráta boilscithe ó thaobh éadaí beagnach mar a chéile. Dar linn ní féidir an difríocht sin i dtreochtaí a mhíniú go héasca.

Cuir i gcás, mar shampla, gur mar gheall ar impórtálacha éadaí agus coisbheart as eacnamaíochtaí ar chostas íseal a bhíonn difríochtaí idir boilsciú praghsanna bia in Éirinn agus boilsciú in earnálacha eile, ansin bheimis ag súil le difríochtaí mar a chéile a fheiceáil i dtreochtaí sa Ríocht Aontaithe. De bhrí nach bhfeicimid na difríochtaí sin ciallaíonn sé sin nach dóigh go bhfuil na difríochtaí sin i rátaí na hÉireann, dar linn, mínithe go dóthanach ag argóint malartach impórtála.

Ar an gcaoi chéanna, tá cúis éigin eile go bhfuil boilsciú bia na hÉireann trí uaire níos airde ná an ráta sa RA agus ní cosúil gur costais ionchuir san earnáil miondíola an freagra. Tugann sé le fios go bhfuiltear ag cosaint na hearnála bia miondíola ó iomaíocht.

**Boilsciú praghsanna bia na hÉireann v Boilsciú praghsanna bia ar an meán san AE**.


Ach an oiread leis na táblaí thuas, tá an tréimhse ó 1996 go dtí seo úsáidte againn don chomparáid seo, atá le feiceáil i dTábla 18.

Is é an rud is suntasaí faoi na figiúirí sin ná an éagsúlacht mór sa ráta boilscithe ó bhun go barr. Is é ráta boilscithe bia na Gréige don tréimhse ná 30.8% agus ráta na Gearmáine ag 6.3%. Tá Éire sa tríú háit sa tábla le ráta 24.4%.

D'fhéachamar le fachtóir comónta éigin a fháil a d'fhéadfadh na tíortha a thagann os cionn an mheáin AE a nascadh. Is meascán iad de stáit Eorpacha ó thuaidh agus ó theas agus cé go bhfuil siad ar fad san Eurozone, tá roinnt tíortha as an Eurozone sa chuid is íochtaraí den tábla freisin - go mór mhór an Ghearmáin ag an íochtar ar fad.

Beimid an-chúramach ó thaobh teacht ar aon chonclúidí ó na sonraí sin agus go deimhin ní dhéanaimid é sin in aon chor.

**TÁBLA 18**




Foinse: Eurostat

**Boilsciú Praghsanna Bia an AE 1996 – Iúil 2005-12-07**
**An Ghréig**
**An Spáinn**
**Éire**
**Lucsamburg**
**An Phortaingéil**
**An Fhrainc**
**An Bheilg**
**An Iodáil**
**Meán an AE**
**An Danmhairg**
**An Fhionlann**
**An Ísiltír**
**An Ostair**
**An tSualainn**

**An Ríocht Aontaithe**
**An Ghearmáin**
Mar sin féin, is cinnte go dtarraingeoimid aird air ná gurb é an t-aon rud atáimid in ann a fháil atá comónta do na stáit seo ná gurb iad an t-ocht dtír leis na rátaí boilscithe bia is airde ar fud an AE sa tréimhse ó 1996 ná an t-ocht dtír a d'aithníomar i gCaibidil a Naoi ina bhfuil cosc ar dhíolachán faoi chostas.

Ní déarfaimid gur toradh díreach é an toradh sin ar chosc ar dhíolachán faoi chostas a bheith sna tíortha lena mbaineann. Mar sin féin, is comhtharlúint iontach é go bhfuil cosc i bhfeidhm ag na tíortha ar fad atá os cionn líne mheán an AE agus nach bhfuil ag na tíortha atá faoin líne sin.

## 8.5 Praghsanna Bia in Éirinn

Díríonn gné shuntasach de na haighneachtaí a fuarthas uathu sin ar mian leo an tOrdú um Earraí Grósaera a choinneáil ar cháineadh a rinneadh ar chomparáidí i bpraghsanna idirnáisiúnta arna chur i láthair ag an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí ina dTuarascáil "*Make Consumers Count."*

Tá tuairiscí forleithne faoin gcáineadh a rinneadh ar an suirbhé sin sna meáin agus tá achoimre maith déanta ag RGDATA orthu mar seo a leanas ina n-aighneacht:

- *Many of the 20 products have no place in the average shopping basket of an Irish consumer.*

- *Some of the products are brand leaders in their home countries and would command a different market position*

- *The survey did not reveal the type of outlet in which the goods were purchased*

- *VAT was applied to some products to which VAT is not applicable.*

- *Bacardi Rum had the biggest price differential – due mainly to excise duty.*

- *Many of the products are imports to Ireland thus accounting for much of the differential in the basket.*

Tá na táirgí a aithníodh sa tábla curtha san áireamh chun comparáid dhíreach a éascú de bhrí gur táirgí iad a bhí ar fáil sna tíortha ar fad a rinneadh suirbhé orthu - is é sin Barcardi Rum agus ní Fuisce Bushmills, mar shampla. Ar an dara dul síos, cheannaigh CSG an suirbhé ón tseilf agus níor roghnaigh siadsan na táirgí.

Cibé cé chomh bailí agus atá an tábla, tugann údaráis eile aitheantas de go bhfuil praghsanna níos airde in Éirinn ná i gcuid mhaith tíortha eile san AE.

Dúirt an Chomhairle Iomaíochta Náisiúnta ina Ráiteas ar Phraghsanna agus ar Chostais, arna fhoilsiú i Meán Fómhair 2004:

> *"Between 2001 and 2002, Ireland overtook the UK and Sweden to become the third most expensive country in the EU for consumer goods and services.*
>
> *Ireland is now the most expensive country in the Eurozone for food, non-alcoholic beverages…"*

Rinne Stiúrthóir Ginearálta na Príomh Oifige Staidrimh tagairt do shuirbhé[1] Eurostat "*Purchasing Power Parities and related economic indicators"* i gcás 2002 agus 2003 le linn dó fianaise a thabhairt don Chomhchoiste Oireachtais ar Fhiontar & Gnólachtaí Beaga an 31 Lúnasa anuraidh. Dúirt sé

> *"It is clear from that survey that Ireland is among the more expensive countries."*[2]

Tá drogall orainn, i ndáiríre, a bheith tarraingthe isteach sa díospóireacht de bhrí nach mbreithnímid go gcabhróidh sé ó thaobh iarracht a dhéanamh teacht ar chonclúidí ar an tionchar atá ag an Ordú um Earraí Grósaera ar phraghsanna agus ar bhoilsciú.

Ar an gcéad dul síos, níl sé mar fheidhm againn an CSG a chosaint. Is tuarascáil neamhspleách a thug siad don Aire agus don Rialtas maidir le forbairt polasaí tomhaltóirí náisiúnta.

Ar an dara dul síos, rinneadh an suirbhé mar chuid de mheasúnú ginearálta an CSG ar an timpeallacht praghsanna in Éirinn agus ní chun argóint a tharraingt ar an Ordú um Earraí Grósaera.

Níos tábhachtaí fós, níor chuir an CSG an tábla chun cinn riamh mar mhíniú ar an moladh a rinne sé go ndéanfaí aisghairm ar an Ordú. Ní deir an CSG ach an oiread go raibh praghsanna níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile de chuid an AE *mar gheall ar an Ordú.*

Is é seo a leanas an méid a dúirt an CSG:

> *"…(the Order) keeps prices to the consumer* ***higher than they could be****. For that reason, the Group is convinced that the actual operation of the groceries order, as outlined above is inherently against the interests of consumers."* ( Emphasis added)

---

[1] Clúdaíonn an suirbhé 31 Tír, an AE 25 móide An Bhulgáir, An Rómáin, AnTuirc, An Íoslainn, An Norua agus An tSualainn.

[2] Parliamentary Debates (Official Report – Unrevised) Vol. No. 77.

Ní mheasaimid go bhfuil an díospóireacht seo cabhrach ach an oiread de bhrí go bhfuil an oiread fachtóirí eile ann a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar difríochtaí praghsanna idir Éire agus codanna eile den AE - go mór mhór costais ionchuir, iompar tomhaltóirí, cumhacht chaiteachais, feidhmíocht eacnamúil ar an iomlán agus mar sin de. Is é ár dtuairim nach bhféadfaí go simplí argóint a choinneáil ag imeacht go bhfuil praghsanna níos airde in Éirinn - nó níos ísle b'fhéidir - ná in aon tír eile de chuid an AE *de bhrí* go bhfuil cosc againn anseo ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

Má tá siad níos airde, agus glactar tríd is tríd leis gur mar sin atá an cás, ansin tá siad níos airde ar go leor cúiseanna éagsúla agus b'fhéidir gur ceann de na cúiseanna sin an tOrdú um Earraí Grósaera agus b'fhéidir nach ea.

Ach teipfear go hiomlán, dar linn, ar aon iarracht an tOrdú um Earraí Grósaera a leagan ar leataobh as féin agus a rá gurb é sin an chúis go bhfuil praghsanna níos airde in Éirinn i gcomparáid leis an gcuid eile den AE.

## 8.6 Conclúidí

Is é an t-Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí an tomhas is cruinne agus is oibiachtúil ar an ráta a dtagann athrú ar phraghsanna tomhaltóirí thar aon tréimhse ama tugtha.

Táimid den tuairim gur le dea-rún a rinne siad sin tagairt d’fhigiúirí boilscithe ina gcuid aighneachtaí chuig an bPróiseas Comhairliúcháin agus go raibh siad bunaithe ar shonraí cruinne a chuir an Príomh Oifig Staidrimh ar fáil. Níl an oifig sin freagrach ar aon bhealach as an mbealach a úsáideann daoine eile a gcuid sonraí chun teacht ar na conclúidí a bhíonn acu.

Is féidir na conclúidí an-difriúla a chuirtear faoina mbráid a mhíniú de bhrí go bhfuil ionchuir difriúla agus tréimhsí tagartha difriúla úsáidte ag páirtithe difriúla mar bhealach chun an cás is mian leo a dhéanamh a chur i láthair. B'fhéidir go bhfuil cúiseanna bailí ar fad acu as ionchuir agus tréimhsí difriúla a roghnú.

B’fhéidir freisin go measfadh roinnt daoine go bhfuil an anailís a dhéanaimid féin beagán claonta cé nach raibh sé i gceist againn go mbeadh. Roghnaíomar tréimhse tagartha cineál randamach agus tuigimid go hiomlán go bhféadfadh rogha difriúil toradh difriúil a bhaint amach.

Agus muid ag déanamh comparáide ar rátaí boilscithe in earnálacha difriúla ar fud an AE, roghnaíomar tús a chur leis an tréimhse tagartha i 1996, de bhrí gurb é sin an t-am a d‘athbhunaigh Eurostat a gcuid figiúirí agus bhí sé níos éasca comparáid a dhéanamh mar gheall air sin. Mar sin féin, d’fhéadfadh an dáta a bheith oiriúnach ar chúis eile freisin.

Tagann an anailís a dhéanaimid ar struchtúr thrádáil earraí grósaera i gCaibidil a Cúig ar an gconclúid go bhfuil comhchruinniú sa mhargadh ag méadú agus sa tréimhse ó 1994 go bhfuil comhchruinniú á stiúradh ag

comhdhlúthú faoi leibhéal na n-iolrach agus san earnáil siombaile/áise. Tá ciall leis scrúdú a dhéanamh cibé an raibh tionchar diúltach ag comhchruinniú méadaithe den sórt sin ar phraghsanna nó ar bhoilsciú sa trádáil grósaera ó lár na nóchaidí.

Cé nach féidir linn a rá go raibh go cinnte, d'fhéadfadh sé tarlú gurb é sin an fachtóir ba chionsiocair leis an mboilsciú praghsanna bia atá againne a bheith chomh difriúil sin ón ráta sa RA sa tréimhse idir an dá linn.

Tá, ar a laghad, roinnt aimhrialtachtaí le feiceáil san anailís roimhe seo, nach féidir, dar linn, a mhíniú go héasca agus go bhféadfaidís tabhairt le fios go bhfuiltear ag tabhairt cosaint don earnáil bia miondíola ó iomaíocht. Go háirithe, ní bheadh sé cliste teacht ar chonclúid nach bhfuil *aon* cheangal idir na haimhrialtachtaí sin agus an tOrdú.

Cén fáth, go háirithe, go bhfuil an oiread sin difríochta sa ráta boilscithe bia atá againn ón ráta sa RA le naoi mbliana anuas?

Ina theannta sin, ní chreidimid gur féidir an ráta boilscithe éadaí agus coisbheart atá i bhfad níos ísle in Éirinn a mhíniú sách maith le himpórtálacha ar chostas íseal.

Ar deireadh, an comhtharlúint é go bhfuil cosc ar dhíolachán faoi chostas sna tíortha ar fad ina bhfuil an ráta is airde de bhoilsciú bia san AE?

Tá conclúidí againn áit éigin eile sa Tuarascáil seo maidir leis an bhfiúntas atá leis an Ordú um Earraí Grósaera agus molaimid go láidir go ndéanfaí aisghairm ar fad air ag glacadh leis an tionchar díréireach agus beagnach frith-iomaíoch dar linn atá ag an Ordú ar thrádáil earraí grósaera in Éirinn.

Tuigimid go bhfuil go leor fachtóirí ann a mbíonn tionchar acu ar an ráta boilscithe. Mar is ionann le leibhéil praghsanna absalóideacha, ní féidir dar linn aon fachtóir ar leith a leagan as féin mar an tOrdú um Earraí Grósaera agus a rá gurb é sin an príomh-cheannródaí ó thaobh boilsciú ard nó boilsciú íseal.

D'ainneoin sin, cé go bhfuil drogall orainn aon chonclúidí daingne a dhéanamh maidir leis an tionchar atá ag an Ordú ar bhoilsciú agus ar leibhéil praghsanna, breithnímid go dtacaíonn an anailís roimhe seo leis an gcás chun aisghairm a dhéanamh ar an Ordú.